

Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:

Treoir céim ar
chéim don lucht
eagraithe imeachtaí



Conference
on the **Future**
of **Europe**

An é gur mhaith leat imeacht a eagrú ach nach bhfuil tú cinnte conas tús a chur leis?

Cuideoidh an treoir seo leat d'imeacht a ullmhú agus a óstáil. Tá moltaí éagsúla ann maidir le conas imeacht a eagrú agus déantar formáidí féideartha a mholadh. Is féidir é seo go léir a oiriúnú ag brath ar an leagan amach (digiteach, fisiceach, hibrideach, srl.), agus líon na rannpháirtithe.

Roimh an imeacht

Na Chéad Chéimeanna

Seo na bealaí nithiúla inar féidir leat d'imeacht a chur ar siúl agus a bheith mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Bí cinnte go leanann tú na céimeanna riachtanacha chun imeacht [uilechuimsitheach](#) a bheith agat.

► Conas is féidir liom m'imeacht a chlárú ar ardán na Comhdhála?

Imeachtaí atá ar siúl anois

Cloisimis uait agus roinn do chuid smaointe a bhfuil le himeachtaí ar líne agus as líne atá ar siúl i ngar duit.



Gabh chuig futureu.europa.eu agus cuir d'imeacht leis an léarscáil. Lean ár [dtreoir](#) mhionsonraithe má theastaíonn cabhair uait leis seo.

► Cén cineál faisnéise a ba chóir dom a ullmhú do na rannpháirtithe?

Ullmhaigh na doiciméid seo a leanas. Dáil iad ar na rannpháirtithe uile ag an tús

- **Cairt** do na comhpháirtithe imeachta agus do na rannpháirtithe
- An **t-ábhar** go léir a theastaíonn le haghaidh do chuid formáidí rannpháirteacha, mar shampla nótaí post-it, pinn srl.
- **Liosta clárúcháin** chun ríomhphoist na rannpháirtithe a fháil - lena dtoiliú - ionas gur féidir teagmháil a dhéanamh leo ina dhiaidh sin chun aiseolas a thabhairt dóibh ar an méid a chuir siad leis an gComhdháil.
- **Foirm toilithe le haghaidh grianghraf** agus, b'fhéidir, fístaifeadadh, a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha cumarsáide mar gheall ar an imeacht.

► Conas a ullmháim an seomra (digiteach)?

ás imeacht pearsanta é, déan cinnte go bhfuil go leor cathaoirreacha agus táblaí ann do gach duine. Is féidir leat na ballaí a ullmhú freisin ionas gur féidir iad a úsáid chun smaointe daoine a thaispeáint. Is féidir teilgeoir / scáileán a úsáid i seomraí móra. Is féidir le pinn, páipéar agus cláir bhána a bheith áisiúil do dhaoine chun a gcuid smaointe a bhreacadh síos.

Más imeacht **digiteach (nó imeacht hibrideach)** é, déan cinnte go gcuireann tú seomra feithimh ar fáil le teachtaireacht fáilte (ionas gurb eol do dhaoine go bhfuil siad san áit cheart) agus balbhaigh daoine ar theacht isteach dóibh chun fadhbanna torainn a sheachaint. Ullmhaigh spás inar féidir le daoine ceisteanna a chur nó tacaíocht a iarraidh (d'fhéadfadh sé a bheith mar chomhrá inmheánach ar an uirlis féin, nó ar uirlis níos sofaisticiúla). Is dea-smaoineamh é cleachtadh a dhéanamh chun a chinntiú go dtéann gach rud chomh réidh agus is féidir nuair a thosaíonn an t-imeacht.

Le linn an imeachta

In imeacht atá mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ba chóir **díriú ar smaointe na saoránach agus ar rannpháirtíocht ghníomhach na rannpháirtithe**. Fiú más féidir dul i gcomhairle le saineolaithe chun an tsaincheist a leagan amach nó chun fíricí a sheiceáil, níor chóir gur cruinniú saineolaithe ón mbarr anuas é; caithfidh sé a bheith intuigthe do dhaoine nach bhfuil cur amach acu ar dhíospóireachtaí poiblí agus ar an ábhar a pléitear.

► Conas ar chóir dom m'imeacht a réachtáil agus a mhodhnú?

Is mór an chabhair é modhnóir gairmiúil a bheith i láthair toisc gur feidhm íogair í a chomhlíonadh.

Molaimid idirdhealú a dhéanamh idir cathaoirleach an imeachta agus an modhnóir, mar is gá breathnú ar an duine seo mar dhuine atá neodrach agus neamhspleách ar an eagraí, agus é de chúram air/uirthi a chinntiú go bhfuil cead cainte ag gach duine.

► Bainistíocht agus pleanáil ama

Pullmhaigh clár oibre / sceideal amaithe don imeacht agus déan iarracht cloí leis. Fág an seomra le haghaidh sosanna agus déan iarracht dul níos tapúla má tharlaíonn moilleanna. Cuimhnigh go mb'fhéidir nach mbeidh daoine in ann díriú ar an ábhar go ceann i bhfad.

► Conas ar chóir dom m'imeacht a réachtáil agus a mhodhnú?

B'fhearr **duine amháin** a cheapadh chun **nótaí a bhreacadh** síos (féach freisin leideanna maidir le tuairisciú thíos) agus duine amháin ag coinneáil súil **ar an gcomhrá** más imeacht digiteach é. Má oibríonn tú le fo-ghrúpaí, leag amach na grúpaí roimh ré ionas go mbeidh a fhios ag gach duine céard atá le déanamh acu. Agus **déan iarracht duine amháin a cheapadh mar mhodhnóir ar gach plé-ghrúpa**.

Má tá deacrachtaí maidir le teanga choiteann sa cheantar ina mbeidh an t-imeacht ar siúl, bí cinnte go bhfuil **ateangairí** agat le linn an imeachta. Réiteach eile a d'fhéadfadh a bheith ann ná iarraidh ar dhaoine a gcuid riachtanas agus a gcumas teanga a chur in iúl ag an tús nó ar shuaitheantais ainmneacha, ionas gur féidir le rannpháirtithe eile cabhrú leo.

Leideanna maidir leis an imeacht a réachtáil

1. An t-imeacht a thosú

Nuair a thosaíonn an t-imeacht, **mínigh do na rannpháirtithe:**

- Cuspóirí na Comhdhála
- Rialacha an imeachta (féach an [Chairt](#)) agus an modh a roghnaíodh chun an díospóireacht a eagrú
- Conas a rachaidh díospóireachtaí an imeachta ar ais go leibhéal na hEorpa

Iarr toiliú i scríbhinn má thógtar grianghraif nó físeáin, ag abair leis na rannpháirtithe é roimh ré go bhféadtar grianghraif/físeáin a athúsáid chun críocha na Comhdhála.

2. Cur i láthair ó shaineolaí (ROGHNACH)

Má bhaineann an t-imeacht le hábhar faoi leith, d'fhéadfadh an t-am seo a bheidh oiriúnach do **chur i láthair gairid ar an gcomhthéacs ó shaineolaí** – ag cur béime ar na comhbhabhtálacha ar chinntí b'fhéidir. Cuimhnigh gurb é **an fócas plé na saoránach, ní an saineolaí**. Ba chóir do shaineolaithe na hábhair a chumadh ar an mbealach is neodraí agus is féidir, bunaithe ar fhíricí amháin, ag tabhairt dearcthaí éagsúla agus ag cur síos ar neamhchinnteachtaí agus ar ábhair chonspóide.

3. Grúpdhíospóireacht

Ná bíodh leisce ort formáid a roghnú as na moltaí sa treoir seo agus é a chur in oiriúint do do chomhthéacs Is cuma cén formáid a roghnaíonn tú, ba cheart go mbeadh an chuid seo mar chroílár an imeachta i gcónaí.

Leideanna do mhodhnóirí

- Tosaigh le babhta cur i láthair gairid agus **cuir ceist shimplí réamhchleachtaidh** ar rannpháirtithe mar “Cén cineál Eorpa ar mhaith leatsa a fheiceáil?”
- **Déan cinnte go bhfaigheann gach duine** deis cainte
- Más gá, cuidigh le duine a phointe a fhorbairt ag baint úsáid as **ceisteanna leantacha simplí**.
- Ná déan an méid a deir daoine a **ath-léirmhíniú nó a chur i bhfocail eile go rómhinic**. Nuair a bhíonn amhras ort, fiafraigh díobh cad a bhí i gceist acu.
- **Spreag daoine le faisnéis ar an ábhar cainte a lorg más gá**. I gcás easaontais faoi fhórais, iarr ar na rannpháirtithe an saineolas / na seiceálaithe fíricí atá i láthair sa seomra nó na bileoga fíricí a úsáid chun fillleadh ar phlé tairbheach gan mhoill.

4. Clabhsúr a chur ar an imeacht

Cuir na rannpháirtithe ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sé ar intinn agat an tuarascáil a scríobh.

Tá dhá rogha ann:

- (1) déanann an lucht eagraithe an tuarascáil a dhréachtú ach seoltar é chuig na rannpháirtithe uile le spriocdháta le haghaidh tráchtaí;
- (2) dréachtaítear an tuarascáil díreach tar éis an chruinnithe le cabhair ó (ghrúpa beag) de rannpháirtithe deonacha ([féach freisin na huirlisí ar uilechuimsitheacht](#)).

Mar obair leantach ar an imeacht, **spreag daoine chun an tuarascáil a léamh** ar ardán na Comhdhála. Féach an treoir d'eagraithe imeachtaí ar conas ardán na Comhdhála a úsáid.

Gabh buíochas leis an lucht freastail as a gcuid rannpháirtíochta agus spreag iad chun cur leis an gComhdháil a thuilleadh. Cuir i gcuimhne dóibh go bpostáilfear a gcuid smaointe ar ardán na Comhdhála agus gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag díospóireacht le daoine eile agus a gcuid smaointe a fhorbairt ar líne.

Inis dóibh go ngeallann tú teachtaireacht a sheoladh chucu (má chuir siad a sonraí teagmhála ar fáil), a luaithe a uaslódáilfear an tuarascáil ar an ardán. Má shocraíonn tú é sin a dhéanamh (moltar é más féidir é) is féidir leat a ghealladh freisin go gcuirfidh tú scéala chucu nuair a bheidh an **t-aiseolas ar an gComhdháil** ar fáil ar an ardán

Cumarsáid faoin imeacht

Léigh na leideanna thíos maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an oiread daoine agus is féidir agus imeacht uilechuimsitheach a eagrú. ([féach freisin na huirlisí ar uilechuimsitheacht](#))

- **Téigh i dteagmháil roimh ré leis na meáin áitiúla agus/nó na meáin thraidisiúnta (speisialaithe)** chun an pobal a mhealladh agus chun an toradh a roinnt ina dhiaidh sin. Féadfaidh tú smaoineamh freisin ar chomhpháirtíocht a thógáil le comhpháirtí sonracha meán amháin trína bhféadfadh an dá pháirtí iad féin a chur os comhair an phobail trí oibriú le chéile.
- **Tá for-rochtain na meán sóisialta** ríthábhachtach i saol an lae inniu, go háirithe maidir le himeachtaí a reáchtáiltear ar líne. Déan iarracht bús a chruthú roimh ré ag baint úsáid as an haischlib **#FutureofEurope** agus déan cumarsáid leantach ina dhiaidh sin. Iarr ar do chomhpháirtithe (meáin) an rud céanna a dhéanamh.
- Más imeacht áitiúil a bheas ann, déan teagmháil le d'údaráis áitiúla, ar cheart go mbeadh sé ar a gcumas **teagmháil a dhéanamh** leis na háitritheoirí go léir trína gcuid uirlisí cumarsáide féin.
- Téigh i dteagmháil le do sprioclucht féachana ar aon bhealach sábháilte ar féidir leat smaoineamh air Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh a gcuid meán nó nuachtlitir féin ag roinnt **eagraíochtaí sochaí sibhialta a bhféadfá dul i gcomhpháirtíocht leo** chun teagmháil a dhéanamh lena líonra.

Formáidí imeachta is féidir leat a roghnú

Tá trí **phríomhfachtóir le breithniú** sula roghnaíonn tú formáid do d'imeacht: an fhormáid (digiteach, ar líne, nó hibrideach), téama an phlé, agus líon na rannpháirtithe. Féach ar na roghanna éagsúla a chuirtear i láthair thíos, ar féidir iad a úsáid agus a oiriúnú. Cuimhnigh:

- **Oibríonn formáidí go maith nuair a chuirtear dóthain ama i leataobh dóibh.** Ba leor cúpla uair an chloig le sosanna d'imeachtaí áirithe. Ach má mheastar go mbeidh líon mór daoine i láthair, mar shampla, b'fhéidir go m'fhéarr tréimhse ama níos faide mar leath lá nó fiú lá iomlán a chur i leataobh.
- Is fearr a oibríonn **fo-ghrúpaí** nuair a bhíonn **níos lú ná deichniúr iontu**, agus modhnóir ag gach fo-ghrúpa.
- Is é aidhm an imeachta **daoine a threorú** i dtreo **tograí a comhaontaíodh** le chéile a dhréachtú. Cibé formáid a roghnaíonn tú, ba cheart go ndéanfaidh sí a cion féin chun conclúidí dearfacha agus nithiúla a bhaint amach.

Táimid cinnte go roghnóidh tú an fhormáid cheart don imeacht atá beartaithe agat! Seo roinnt moltaí.

Rogha 1 • Ceardlann rannpháirteach

CÉIM 1 20 MINUTES NÓIMÉAD AR A LAGHAD Smaointe a ghiniúint

Cuir tús leis an bplé le ceisteanna ginearálta oscailte chun misneach a thabhairt do na rannpháirtithe. Mar shampla, «Cad a chiallaíonn an Eoraip duitse?» nó «Cén cineál Eorpa ar mhaith leatsa a fheiceáil?»

Tabhair roinnt ama do na rannpháirtithe plé a dhéanamh ina ngrúpaí de dheichniúr ar a mhéad, agus aithne a chur ar a chéile. Ag an deireadh, tabhair roinnt ama do chuid de na rannpháirtithe chun príomhphointí a gcuid plé a roinnt leis an seomra iomlán. Is féidir leat na smaointe atá scríofa ar nótaí post-it a bhailiú agus cuid acu a léamh os ard

CÉIM 2 30 MINUTES NÓIMÉAD AR A LAGHAD Ábhair chainte agus dúshlán a aithint

Bunaithe ar an méid a dúradh roimhe seo, is féidir leat tochailt níos doimhne anois agus topaicí a shainaithint ar féidir leis na grúpaí iad a phlé. Fiafraigh de na grúpaí cé na cinn is mian leo a shannadh dóibh féin.


Nuair a bheidh sé sin déanta, d'fhéadfá a iarraidh ar na grúpaí dúshlán a bhaineann lena n-ábhar cainte féin a aithint.

CÉIM 3 40 MINUTES NÓIMÉAD AR A LAGHAD Réitigh a mholadh

Tar éis dúshlán a aithint, tá sé in am anois réitigh a fháil orthu. Déan cinnte go ndéantar na réitigh seo a scríobh síos go mion, mar go mba iadsan an toradh is tábhachtaí a bheas ar an imeacht.

Rogha 2 • Caifé domhanda

Rothlaíonn na rannpháirtithe idir grúpaí difriúla gach deich nóiméad. Déanann siad tobsmaointeoireacht chun smaointe nua a aimsiú, a bhreactar síos ar pháipéar nó ar ríomhaire. Nuair a úsáidtear an modh seo duine le duine, eagraigh an seomra cosúil le caifé agus bíodh na táblaí scaipthe amach.



Rogha 3 • Spás oscailte

Mura bhfuil tú ach ag tosú ag leagan amach na smaointe éagsúla, agus má tá an t-am ag an ngrúpa chun saincheisteanna éagsúla a scrúdú, bain triail as spás oscailte. .

CÉIM 1

Mar eagraí an imeachta, cuireann tú féin ceist (mar shampla «Conas a dhéanaimid astuithe carbóin a ísliú?» Nó «Conas a réiteoidimid dúshlán i margadh na bpost?»). Iarr ar na rannpháirtithe grúpaí a dhéanamh díobh féin chun tabhairt faoi na dúshlán seo.

CÉIM 2

Bíonn rogha de thrí ról ag na rannpháirtithe: an tionscnóir, a chuireann tús le téama is mian leo a phlé agus a chruthaíonn grúpa as sin, an bhumbóg, a fhanann agus a labhraíonn i ngrúpa nó dhó, agus an féileacán, nach féidir léi nó leis cloí le haon ábhar cainte amháin ach a labhraíonn i ngrúpaí éagsúla.

CÉIM 3

Ar deireadh, cuireann na grúpaí go léir a gcuid smaointe i láthair a chéile agus is féidir le daoine moltaí eile a chur leo.

Rogha 4 • Fóram

Más deacair grúp-phlé a eagrú (gan seomraí digiteacha ar fáil d'fho-ghrúpaí nó gan deis do phlé duine le duine), eagraigh an t-imeacht i bhfoirm **fóraitim** agus tabhair slite do dhaoine chun a gcuid a rá, mar shampla, trí **uirilis idirghníomhach suirbhé**, a dtaispeántar a thorthaí beo, nó cártaí a thabhairt dóibh lena gcuid smaointe a scríobh orthu.

Tar éis an imeachta

► Conas is féidir liom an plé a rinneadh ag m'imeacht agus na torthaí a bhí air a thabhairt ar aghaidh?

Tuarascáil ar ardán na Comhdhála

Nuair a bheidh an tuarascáil leagtha amach agat, téigh ar ais chuig an ardán agus tuairiscigh ar d'imeacht tríd an méid seo a leanas a chur leis:

- achoimre i scríbhinn, lena n-áirítear faisnéis más féidir faoi líon agus cineál na rannpháirtithe.
- na moltaí a chuir na rannpháirtithe isteach
- freagairtí / freagraí ar rannpháirtithe ionchasacha ar líne

Is féidir leat treoir mhionsonraithe a fháil ar conas é seo a dhéanamh [anseo](#).

Na buaicphointí a chomhroinnt

Comhroinn buaicphointí an imeachta ar an nGréasán agus sna meáin shóisialta, nó le do chomhpháirtithe (meáin), leis an haischlib **#TheFutureIsYours**.